

Féile na Nollag

Ceiliúradh ar bhreith Chríost is ea an Nollaig, an fhéile Chríostaí is tábhachtaí sa bhliain. Is cosúil gur daingníodh dáta na féile san fhéilire – 25 Nollaig – sa Róimh faoi lár an cheathrú chéad.

Tugann daoine faoi bhús siopadóireachta agus faoi ghlantacháin tí agus an Nollaig ar na bacáin. Thugadh muintir na tuaithe turas ar an mbaile mór nó ar an chathair chun soláthairtí riachtanacha (siúcra, torthaí triomaithe, spíosraí agus tae, mar shampla) a cheannach, chomh maith le deochanna, agus bronntanais do na daoine ab ansa leo. Sa Ghaeltacht ba mhinic a thugtaí *Margadh Mór na Nollag* ar an seáip siopadóireachta réamh-Nollag seo. Samhlaíodh tréithe na flaithiúlachta agus an chineáltais leis an tréimhse fhéilte seo riamh anall – an duine a raibh an t-ádh air, ba nós leis ainmhí a bheadh maraithe aige a roinnt leis na comharsana siúd nach raibh ag éirí chomh maith céanna leo.

Díol suntais go dtagann an dáta le féile phágánach dar teideal ‘Breithlá na Gréine’ in aimsir impireacht na Róimhe. Tháinig an fhéile sin i gcomharbacht ar an bhféile choitianta phágánach, Saturnalia, in onóir ar Shatarn, an dia Rómhánach. Caolsheans gur de thaisme a luaigh luath-Eaglais Chríostaí breith Chríost le féilte págánacha dúluachra a bhí ann cheana, nó ba cheangal é sin a chuir le seasamh na féile a bhí le bheith i gcroílár an fhéilire Chríostaí.

Roimh theacht na Nollag bímid go léir ana-ghnóthach ag glanadh an tí. Bíonn m'athair taobh amuigh ag cur dín ar an tigh agus ag cur críche ar gach aon rud. Bíonn mo mháthair go dícheallach ag dathú, ag ní, agus ag aolú fallaí in onóir don Rí atá ag teacht.

Cúpla lá roimh an Nollaig téann m'athair agus mo mháthair go dtí Caisleán an Bharraigh agus beireann siad an 'Nollaig' abhaile leo agus bíonn ualach mór acu nuair a bhíonn siad ag filleadh abhaile – bíonn tae is siúcra, oráistí is úlla is milseáin, bairíní breaca, buidéal fuiscí.

(An Grianán, Maigh Eo)

Téann na buachaillí amach sa gcoill agus tugann siad eidhneán agus cuileann agus labhras isteach agus cuireann siad suas ar na ballaí agus ar na fuinneogaibh iad. Tugtar géag de chrann isteach agus cuirtear síos i dtobán é.

(Comar, Gaillimh)



Seans gurb é an maisiúchán is suntasaí a bhíonn le feiceáil um Nollaig, an choinneal ar lasadh (coinneal thríchraobhach uaireanta) a chuirtear san fhuinneog mar threoir don Teaghlach Naofa, agus a choinnítear ar lasadh le linn an Dá Lá Dhéag. Níl sé rófhada ó shin ó tosaíodh ar chrann Nollag a mhaisiú go taibhseach, agus is nós é seo a thagann chugainn ón nGearmáin.

Lastar coinnle an oíche sin agus fágtar an doras ar fhoscailt go dtí go mall san oíche. Chreid na seandaoine go mbíodh an Mhaighdean Mhuire agus Naomh Iósep agus an Leanbh ag dul o áit go háit. D'fhágadh siad cathaoir cois na tine freisin i gcaoi go mbeadh áit acu le suí síos agus lena scíth a ligint.

(An Chreig, Maigh Eo)

Cheannaídís páipéirí dathaithe agus cártaí deasa a glaotar 'mottoes' orthu. Bhíodh na rudaí seo os cionn na dorsaí ar an dtaobh istigh agus os cionn na fuinneoga leis agus féachaidís go deas gleoite.

(An Dúghlaise, Ciarraí)

An nós seo a bheith bronntach, faightear é i bpearsa Dhaidí na Nollag, ar feiniméan é a tháinig chun cinn le déanaí. Deirtear go dtugann sé cuairt ar gach teaghlach sa tír agus bronntanais aige do na leanaí óga. Tá gaol aige le San Nioclás, éarlamh na bpáistí, arb é an 6 Nollaig a fhéile in Iarthar na hEorpa (18 Nollaig in Oirthear na hEorpa).

Bíonn na páistí óga ag feitheamh le Santa Claus le súil go dtiocfaidh sé le féirín chucu. Crochann siad a stocaí suas in aice na tine oíche Nollag agus bíonn siad suas le breacadh an lae maidin lae Nollag ag feitheamh leis an féirín. ([An Eaglais, Port Láirge](#))

Éiríonn na páistí go moch an mhaidin sin. Féachann siad isteach sna stocaí. Is ansin a bhíonn an rúille búille. Bíonn féirín ag gach páiste. Bíonn traen ag ceann acu, b'fhéidir, agus gunna ag duine eile agus é ag scaoileadh urchar faoi chluas duine eile, agus féasóg ag duine eile. Cuireann sé air é agus féachann sé isteach sa gcliabhán agus tosaíonn an páiste óg ag gol. ([Comar, Gaillimh](#))


Deirtear go mbíonn caint ag na hainmhithe uilig Oíche Nollag. Deirtear go dtéann na hasail ar a nglúnaibh le haghaidh onóra a thabhairt do Íosa. Agus tá sé ráite go n-iompaíonn an t-uisce go fíon Oíche Nollag. Deirtear nach luíonn an chaora ná an bhó an oíche sin ar chor ar bith.

(Béal Átha na mBreac, Gaillimh)

Ar maidin lá Nollag nuair a bhíonn na daoine dá gcastáil ar a chéile. Sé an céad rud a abraíonn siad ná 'Mo chuid den Nollaig ort'. Tá sé sin ina fhocal san áit seo le fada an lá.

(Tír an Fhia, Gaillimh)

Wren Boys (*An Dreoilín*)
(C. Ó Danachair 1947)



Lá Fhéile Stiofáin agus Lucht an Dreoilín

Is é an 26 Nollaig féile Stiofáin san Eaglais Chríostaí; ba é an chéad mhairtíreach Críostaí é dár tugadh onóir sa tsli sin. Gné shuntasach den siamsa ar an lá seo ab ea an chuartaíocht, nuair a théadh grúpaí d'fhir óga den chuid is mó ó theach go teach ag aithris rannta agus ag cur drámaí bunúsacha ar siúl le tionlacan ceoil, amhránaíochta agus damhsa.

Tá traidisiún an Dreoilín le fáil go forleathan in Éirinn, ach amháin san oirthuaisceart. Tá an cleachtas faoi bhláth go fóill i gcuid mhaith den iardheisceart agus den iarthar, agus tá athbheochan le feiceáil i mbólaí eile, ceantair uirbeacha ina measc. San áit gur fir óga go príomha a bhíodh sa ghrúpa roimhe seo, áfach, is grúpaí leanaí níos óige a bhíonn i gceist anois, agus is go fíorlogánta a bhíonn siad ag gníomhú.



An Dreoilín, Co. Chiarraí, 1947. Glacann lucht an Dreoilín sos os comhair tí. Tá an dreoilín marbh á iompar ar an sceach chuilinn, ar chlé. (Caoimhín Ó Danachair)



Téann na daoine óga amach leis an dreoilín ag iarraidh airgid. Ós rud é go dtiteann Lá 'le Stiofáin ar an lá i ndiaidh lae Nollag bíonn neart ithe is óil lé fáil ag na daoine ag a mbíonn an dreoilín. Seo é an rann a deireann siad: -

**'Dreoilín, Dreoilín, Rí na n-éan,
Is mór do mhuirín, is beag tú féin,**

**Éirigh suas a bhean a' tí,
Beir ar cois na scinne buí
Is tabhair pingin don Dreoilín'**

(Gaoth Sáile, Maigh Eo)

Lucht an Dreoilín, Co. Luimnigh, 1947.
(Caoimhín Ó Danachair)



Lucht an Dreoilín, Co, Chill Mhantáin.
(Frank Stephens, c.1930, Ard-Mhúsaem na hÉireann)



Lucht an Dreoilín agus an 'Láir Bhán', Baile Thaidhg, Co. Chiarraí. Gné ársa den Dreoilín is ea an Láir Bhán, traidisiún a mhaireann in iardheisceart na tíre.

Lá an Dreoilín a thugtar ar lá 'le Stiofáin san áit seo. Téann buachaillí agus fir óga amach sa dreoilín an lá so. Bíonn dreoilín marbh in airde ar mhaide ag cuid acu. Bíonn ceol á sheimint acu leis, agus bíonn púicíní ar a n-aghaidh. Bíonn capall bán acu uaireanta. D'adhmaid a bhíonn sé déanta. Iad san go mbíonn an dreoilín acu bíonn an rann so á rá acu insna tithe:

**'Dreoilín a fuaireasa thíos ar an Inse,
Fé bhráid carraige is carbhat síoda air,
Thugasa chúghaibhse é a lánú an tí seo,
Is gura seacht b'fhearr a bheidh sibh ar
mo theachta arís chúghaibh''**

**Má gheibheann siad aon airgead ansan
deireann siad an rann so nuair a bhíonn
siad ag imeacht:**

**'Sláinte chúghat is cabhair,
Dealbh go deo ná rabhair,
Is go bhfásadh gruaig ar do cheann,
chomh fada le meigeall an ghabhair'**

(Baile an Fheirtéaraigh, Chiarraí)

Cleamairí agus Rannairí

In an-chuid áiteanna in oirthear agus i dtuaisceart na hÉireann is ‘cleamairí’ nó ‘rannairí’ a bhíonn in ionad lucht an dreoilín. Suas le dáréag aisteoirí a bhíonn sna grúpaí seo, a chuireann dráma simplí ar bun ina bhfuil réimse carachtar, a bhíonn difriúil ó cheantar go ceantar. Bíonn rann le rá ag gach duine den bhuíon. Is ag ceannaire an chompántais, ‘an Captaen’, a bhíonn an rann is faide, agus is eisean a chuireann beirt phríomhcharachtar i láthair, a shamhlaítear go minic le leas Shasana (Prince George) agus pearsa dúchais inaitheanta – Naomh Pádraig de ghnáth – a throideann a chéile.



Tá Cleamairí Eadarnaidh, Co. Fhear Manach (Nollaig 1999), ar cheann de na grúpaí cleamaireachta is sinseartha in Éirinn.



Cleamairí Shoid, Co. Bhaile Átha Cliath, 1980 (George McClafferty)

Is gnách crosán a bheith i gcliar an dráma bhunúsaigh, a bhfuil sé mar ról aige a bheith ag magadh faoina lucht féachana agus ag priocadh orthu, agus íocaíocht as an léiriú a lorg (nó a éileamh) uathu. Dealraíonn sé gur sa 17^ú Céad a tháinig na drámaí seo go hÉirinn. Bhláthaigh siad i leath thoir an oileáin, agus ba mhinic gnéithe den drámaíocht dhúchasach Ghaelach ina n-orlaí tríothu. Lorg de thraidisiún comhionann an dreoilín is ea carachtar a bheith le feiceáil sa dráma ar a dtugtar 'The Wran', 'Jenny/Biddy the Wran' nó a leithéid, carachtar eile a dhéanann rann a aithris.



Cleamairí Blacktown, Achadh Uí Áráin, Contae Thír Eoghain, Nollaig 2001.
Is pearsa duilliúir é 'Jack Straw' (Jeaic na Sopóige, ar dheis), pearsa nach bhfuil ar fáil i measc chleamairí Shasana.



These are the Rhymes which the Mummers recite when they go round the parish at Christmas. When they go out they are dressed in white shirts, (worn over their ordinary clothing) green or red sashes, paper hats decked with long paper ribbons which hang downwards concealing their faces and other apparel according to the character they are playing.

When they came to a house the first man who is called 'Room' raps loudly on the door and shouts, 'Any admittance for Mummers?' The door is opened and 'Room' with a stick in his hand dashes in and walks round the room sweeping everything out of the way with his stick and shouting:

'Room, Room, give me room,
Room to act, room to rhyme,
It is coming up to Christmas time,
Christmas comes but once a year,
And when it comes in it brings good cheer,
And if you don't believe what I say,
Enter the captain and he'll soon clear the way'

(Cill Bharainn, Dún na nGall)

Scéalta eile ó



(Naisc inchliceáilte)

Nósa Oíche Nollag agus Lá Nollag ([Seanachaidh, Maigh Eo](#))

Lá Nollag agus na Nósa a Ghabhann leis ([An Rinn, Port Láirge](#))

Oíche Nollag ([Gort an Choirce, Dún na nGall](#))

Féile na Nollag ([Ros Muc, Gaillimh](#))

Dhá Lá Dhéag na Nollag ([Dúghlaise, Ciarraí](#))

Lá an Dreoilín ([Cill Chruáin, Gaillimh](#))

Lá Fhéile Stiofáin ([An Grianán, Maigh Eo](#))

Lá Fhéile Stiofáin ([An Rinn, Port Láirge](#))

Lá an Dreoilín ([An Baile Dubh, Ciarraí](#))

The Mummings ([Gleann Eala, Dún na nGall](#))